# Aimsir 3 - Aimsir Chaite (Inné)

**sioc    Bhí**

1 Bhí sioc ar fhuinneog an chairr.
2 Bhí an sneachta gach aon áit an tseachtain seo caite.
3 Bhí an fear seo ag dreapadóireacht sa tsneachta Dé Luain seo caite.

**ag stealladh báistí**

4 Bhí sé ag ag cur báistí go trom maidin inné.
5 Bhí sé ag stealladh báistí in áiteanna aréir.
6 Bhí sé ag cur báistí tráthnóna inné agus bhí tuile ar an mbóthar.
7 Bhí tuilte ar na bóithre gach aon áit arú inné.
8 Bhí na briogáidí dóiteáin gnóthach an deireadh seachtaine seo caite.

**Lonraigh  D'fhéach**

9 Bhí an ghealach ag lonrú aréir agus d'fhéach mé ar na scamaill dhubha.
10 Lonraigh an ghealach sna crainn aréir agus arú areir.

**Thosnaigh**

11 Thosnaigh stoirm amuigh san fharraige ag am lóin.
12 Bhí tintreach sa spéir níos deanaí tráthnóna. Bhí splancacha móra fada le feiscint i rith na hoíche.

**D'ardaigh**

13 Oíche ana fhuar a bhí ann. D'ardaigh mo mháthair an teirmeastat.
14 D'ardaigh an teocht tar éis cúpla lá.

**Tháinig   Chuir**

15 Bhí an geimhreadh thart agus tháinig an t-earrach.
16 Chuir an garraíodóir síolta sa talamh ag tús an earrraigh.

**D'fhás Bhí**

17 D'fhás na síolta i rith an earraigh.
18 Bhí bláthanna deasa ann ag deireadh an earraigh.
19 Bhí bláthanna deasa sa ghairdín sa samhradh.
20 Bhí an aimsir go hálainn sa Spáinn. Bhí aimsir ana the sa Spáinn i rith an tsamhraidh.

# Foclóir

1 ar fhuinneog  /  on the window ar followed by h  ar fhuinneog / ar chrann /  ar bhád
2 gach aon áit  /  i ngach áit /  everywhere
3 ag dreapadóireacht  /  climbing   seo caite  /  last
4 go trom  /  heavy   maidin inné /  yesterdy morning  Dé Luain  /  Monday  caite  / past
5 ag stealladh  /  pouring
6 Bhí tuile  /  There was a flood     bóthar /   road   ar an mbóthar  /  on the road
7 inné /  yesterday  arú inné /  the day before yesterday  na bóithre /  the roads
8 gnóthach / busy     seo caite  /  past / last
9 scamall   /  cloud  scamaill dhubha /  scamaill dhubha /  black clouds

10 Lonraigh / shone aréir / last night arú aréir / night before last night
11 Thosnaigh / started
12 níos déanaí / níos deireanaí / nos moille / ar ball / later
13 tintreach / le feiceáil / to be seen splancacha móra / big flashes
14 D'ardaigh / increased / raised
15 cúpla lá / couple of days an teocht / the temperature
16 thart / over
17 Chuir an garraíodóir / The gardener set
18 tús / lár / deireadh / an earraigh beginning / middle of spring / end of spring
19 i rith an earraigh / during spring
20 bláth deas / nice flower bláthanna deasa / blathanna áille / nice flowers
go hálainn / go deas / galánta / go breá / beautiful / nice / lovely

## Aimsir 3 - Aimsir Fháistineach (Amárach)

**ag cur seaca Beidh**

1 Beidh sioc ann arís amárach. Scríobfaidh sé an sioc den fhuinneog.
2 Beidh an sneachta gach aon áit an tseachtain seo chugainn.
3 Beidh an fear seo ag dreapadóireacht sa tsneachta ar ball.

**ag stealladh**

4 Beidh sé ag ag cur go trom maidin amárach.
5 Beidh sé ag stealladh báistí in áiteanna i rith na hoíche.
6 Beidh sé ag cur báistí amárach agus beidh tuile ar an mbóthar.
7 Beidh tuilte ar na bóithre gach aon áit maidin amárach.
8 Beidh na briogáidí dóiteáin gnóthach i rith an lae amárach.

**Lonróidh**

9 Beidh an ghealach ag lonrú anocht agus féachfaidh mé ar na scamaill.
10 Lonróidh an ghealach sna crainn anocht agus san oíche amárach.

**Tosnóidh**

11 Tosnóidh an stoirm amuigh san fharraige ag am lóin.
12 Beidh tintreach sa spéir níos déanaí tráthnóna.
13 Beidh splancacha móra fada le feiceáil i rith na hoíche.

**Ardóidh**

14 Oícheanta an-fhuara a bheidh ann. Ardóidh mo mháthair an teirmeastat.
15 Ardóidh an teocht níos airde tar éis cúpla lá.

**Críochnóidh Cuirfidh**

16 Críochnóidh an geimhreadh agus tiocfaidh an t-earrach.
17 Cuirfidh an garraíodóir síolta sa talamh ag tús an earrraigh.

**Fásfaidh Beidh**

18 Fásfaidh na síolta i rith an earraigh.

19 Beidh bláthanna deasa ann ag deireadh an earraigh.
20 Beidh an aimsir go hálainn sa Spáinn an samhradh seo chugainn. .
Beidh aimsir an the sa Spáinn i rith an tsamhraidh.

## Foclóir

1 ar fhuinneog / on the window
2 gach aon / i ngach áit / everywhere
3 ar ball / later
4 go trom / heavy maidin amárach / tomorrow morning
5 ag stealladh / pouring in áiteanna / in places
6 beidh tuile / There will be a flood bóthar / road ar an mbóthar on the road
7 amárach / tomorrow na bóithre / the roads
8 gnóthach / busy
9 féachfaidh / féachfaidh / amharcfaidh / willl look
10 Lonróidh / will shine
11 Tosnóidh / will start
12 níos déanaí / níos déanaí / níos moille / in dhiaidh tamaill / later / after
13 lasracha / splancacha móra fada / big long flashes
14 oíche / oícheanta / night / nights an-fhuara / very cold Ardóidh / will increase
15 ardóidh / will increase / raise from verb ardaigh teocht / temperature
16 Críiochnóidh / will finish tiocfaidh / will come
17 tús an earraigh / beginning of spring lár / deireadh / middle / end
18 Fásfaidh / will grow
19 deireadh an earraigh / end of spring
20 bláth deas / blathanna deasa / nice flower / nice flowers
i rith / during samhradh / summer i rith an tsamhraidh / during the summer

## **Aimsir 3 - Aimsir Láithreach** (Gach Lá)

**Bíonn**

1 Bíonn sioc ann go minic sa gheimhreadh. Scríobann sé an sioc den fhuinneog.
2 Bionn an sneachta gach aonáit sa gheiimhreadh.
3 Bíonn an fear seo ag dreapadóireacht sa tsneachta.

**ag stealladh**

4 Bíonn sé ag ag cur báistí go trom gach aon mhaidin i rith an gheimhridh.
5 Bíonn sé ag stealladh báistí in áiteanna i rith an gheimhridh.
6 Bíonn sé ag cur báistí agus bíonn tuile ar an mbóthar.
7 Bíonn tuilte ar na bóithre gach aon áit go minic.

8 Bíonn na briogáidí dóiteáin gnóthach i rith an gheimhridh.

**Lonraíonn**

9 Bíonn an ghealach ag lonrú agus féachaim ar na scamaill.

10 Lonraíonn an ghealach uaireanta.

**Tosaíonn**

11 Tosaíonn an stoirm amuigh san fharraige.

12 Bíonn tintreach sa spéir níos déanaí.

13 Bíonn splancacha móra fada le feiceáil/feiscint i rith na hoíche.

**Ardaíonn**

14 Oícheanta an-fhuara a bhíonn ann. Ardaíonn Mamaí an teirmeastat.

15 Ardaíonn an teocht níos airde tar éis cúpla lá.

**Críochnaíonn Cuireann**

16 Críochnaíonn an geimhreadh agus tagann an t-earrach.

17 Cuireann an garraíodóir síolta sa talamh ag tús an earrraigh.

**Fásann Bíonn**

18 Fásann na síolta i rith an earraigh.

19 Bíonn bláthanna áillle ann ag deireadh an earraigh.

20 Fásann bláthanna deasa sa ghairdín sa samhradh.
Bíonn an aimsir go hálainn sa Spáinn sa samhradh. Bíonn aimsir ana the sa Spáinn.

## Foclóir

1 ar fhuinneog / on the window

2 gach aon / i ngach áit / everywhere

3 ar ball / later

4 go trom / heavy maidin amárach / tomorrow morning

5 ag stealladh / pouring in áiteanna / in places

6 beidh tuile / There will be a flood bóthar / road ar an mbóthar on the road

7 i rith an gheimhridh / during winter na bóithre / the roads

8 gnóthach / busy

9 féachann / amharcann / breathnaíonn / look / looks

10 Lonraíonn / shines

11 Tosaíonn / starts
níos déanaí / níos deireanaí / níos moille / in dhiaidh tamaill / tar éis tamaill

12 later / after

13 lasracha / splancacha móra fada / big long flashes

14 oíche / oícheanta / night / nights an-fhuara / very cold Ardóidh / will increase

15 ardaíonn / increases / raises from verb ardaigh teocht / temperature

16 Críochnaíonn / finishes tagann / comes

17 tús an earraigh / beginning of spring

18 Fásann / grows

19 deireadh an earraigh / end of spring
20 bláth deas / blathanna deasa / nice flower / nice flowers
i rith / during samhradh / summer i rith an tsamhraidh / during the summer

## **An Aimsir 3 - Ainm Briathartha** (Anois)

**ag cur seaca Tá**
1 Tá sioc ann arís inniu.Tá sioc ar fhuinneog an chairr.
2 Tá an sneachta gach áit an tseachtain seo.
3 Tá an fear seo ag dreapadóireacht sa tsneachta.
**ag stealladh**
4 Tá sé ag ag cur báistí go trom.
5 Tá sé ag stealladh báistí in áiteanna.
6 Tá sé ag cur báistí agus tá tuile ar an mbóthar.
7 Tá tuilte ar na bóithre gach aonáit.
8 Tá na briogáidí dóiteáin gnóthach.
**ag lonrú**
9 Tá an ghealach ag lonrú anois ach féach ar na scamaill dhubha.
10 Tá an ghealach ag lonrú sna crainn.
**ag tosú**
11 Tá stoirm ag tosú amuigh san fharraige.
12 Tá lasracha sa spéir. Tá splancacha le feiceáil.
13 Tá aimsir an-fhuar ann. Tá an teirmeastat a ardú ag mo mháthair.
**ag ardú ag éirí níos airde**
14 Tá an teocht ag éirí níos airde.
15 Tá an geimhreadh thart agus tá an t-earrach ann.
**ag cur ag fás**
16 Tá an garraíodóir ag cur síolta sa talamh.
17 Tá na síolta ag fás san earrach.
18 Tá an t-earrach ann agus tá bláthanna ag fás.
**ag féachaint**
19 Táimid ag breathnú ar na bláthanna deasa.
20 Tá an aimsir go hálainn sa Spáinn.Tá aimsir ana the sa Spáinn.

## Foclóir

1 fhuinneog an chairr / window of the car (tuiseal ginideach) carr an chairr
2 i ngach áit / i ngach aon áit / everywhere

3 ag dreapadóireacht / climbing
4 trom / heavy
5 ag stealladh / pouring in áiteanna / in places
6 tuile / flood ar an mbóthar / on the road ar an + urú
7 tuile + tuile / tuilte gach aon / gach / every
8 briogáid dóiteáin / fire brigade briogáidí / brigades gnóthach / busy
9 an ghealach / the moon ag lonrú / shining scamaill / scamaill / clouds
10 sna crainn / in the trees
11 stoirm / storm ag tosnú / starting amuigh / out (from amach)
12 tintreach / lightning lasracha / splancacha / flashes
13 fuar / cold an-fhuar / very cold an- / very
14 teocht / temperature ard is high níos airde / higher
15 thart / over an t-earrach / the spring
16 garraíodóir / gardener
17 síol / seed na síolta / the seeds
18 bláthanna / flowers
19 Ag féachaint / looking / ag feiscint
20 bláth deas / nice flower bláthanna deasa / nice flowers
go hálainn / beautiful te / warm an the / very warm

anmúinteoir ©

*Digital Resource for Teachers, Students and Parents*

This content is protected by Digital Copyright Laws. Reproduction and distribution of this content without written permission of anmúinteoir is prohibited.